Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16527/24**

**CYBER 360**
**TELECOM 369**
**COSI 231**
**COPEN 535**
**CSDP/PSDC 854**
**DATAPROTECT 347**
**RECH 534**
**HYBRID 146**
**IPCR 72**
**JAI 1814**
**RELEX 1549**
**POLMIL 420**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le ENISA, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici, an 6 Nollaig 2024.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach raibh na dúshláin a eascraíonn as an gcibearspás domhanda riamh chomh casta, chomh héagsúil agus chomh tromchúiseach agus atá siad anois, mar gheall ar shofaisticiúlacht na gcibearbhagairtí atá ag teacht chun cinn, an timpeallacht slándála atá ag síorathrú agus an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint dá n-iarrachtaí a bheith níos athléimní d'fhonn na bagairtí agus na dúshláin atá ann faoi láthair agus iad sin atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart leanúint den obair i dtreo leibhéal méadaithe cibear-athléimneachta trí chur chuige uile-shochaí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit, sna blianta amach romhainn, díriú ar chur chun feidhme éifeachtach na dtionscnamh reachtach agus neamhreachtach atá mar bhonn leis na gníomhaíochtaí uile a rinneadh go dtí seo i ndáil leis sin agus a chuireann leo.

2. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhfuil gach aon Bhallstát, agus iadsan amháin, freagrach i gcónaí as an tslándáil náisiúnta, AITHNÍONN SÍ gur oibrigh an tAontas agus a Bhallstáit go han-mhaith le chéile le blianta beaga anuas chun an leagan amach institiúideach agus na cineálacha comhair is gá a chur ar bun sa chibir-réimse ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha éagsúla lenar cuireadh creat láidir stóinsithe ar fáil don Aontas agus a Bhallstáit sa réimse sin, rud a mhéadaigh cibear-athléimneacht fhoriomlán an Aontais. D'fhorbair an creat sin chun roinnt gnéithe den chibir-réimse a chumhdach: an tslándáil, an taidhleoireacht, forfheidhmiú an dlí agus an chosaint. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuid d'éiceachóras cibearshlándála an Aontais iad líon mór gníomhaithe, lena n-áirítear údaráis chibearshlándála na mBallstát, an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise (NIS CG), an Líonra CSIRTanna, an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibir-ghéarchéimeanna (EU-CyCLONe), Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (NCC), an Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (ECCG), an Coimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC), CERT-EU, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), agus Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) de chuid Europol, agus a bpáirt féin á comhlíonadh acu uile i gcur chun feidhme an chreata cibearshlándála uile-Aontais.

3. AITHNÍONN SÍ gur léiríodh le 20 bliain anuas gur eintiteas fíorluachmhar é ENISA in éiceachóras cibearshlándála na hEorpa, agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le tacaíocht ghníomhach a thabhairt do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus na beartais chibearshlándála á gcur chun feidhme agus á bhforbairt acu, ina bhfothú acmhainneachta, a n-ullmhacht agus a gcomhar agus i bhfeasacht agus deimhniú na cibearshlándála a chur chun cinn.

## MOLTAÍ GINEARÁLTA BEARTAIS

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún **an mheastóireacht ar an nGníomh um Chibearshlándáil** a úsáid mar dheis chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an ngníomh rannchuidiú leis an gcibear-éiceachóras casta a shimpliú, agus ar an gcaoi sin, éifeachtacht agus úsáid éifeachtúil acmhainní a fheabhsú. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh sainordú ENISA chun tacú leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais dírithe agus sainithe go soiléir, agus go mbeidh cuspóirí straitéiseacha nithiúla agus cúraimí tosaíochta ag baint leis, chomh maith le cúraimí agus inniúlachtaí a roinnt ar bhealach níos beaichte i ndáil le gníomhaithe eile. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról ENISA a scrúdú agus a neartú a thuilleadh maidir le tacú leis an gcomhar oibríochtúil ar leibhéal an Aontais agus i measc na mBallstát ó thaobh an chibear-athléimneacht a fheabhsú, agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á gcur san áireamh. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról comhairleach ENISA a threisiú maidir le treoir agus moltaí saineolas-bhunaithe agus fianaise-bhunaithe a chur ar fáil, i ndáil le tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme, agus creat comhleanúnach cibearshlándála de chuid an Aontais á áirithiú ag an am céanna.

5. Den mheon céanna, MOLANN SÍ don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar ról ENISA a chuíchóiriú i ndáil le cúraimí nach bhfuil i gcroílár a mhisin. CUIREANN SÍ I dTREIS **gur leathnaíodh freagrachtaí ENISA go suntasach** le tionscnaimh reachtacha a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear NIS 2, an Gníomh um Chibear-Athléimneacht agus an Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, i measc tionscnaimh eile. Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuair ENISA acmhainní breise mar thoradh ar chuid de na tionscnaimh sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chúraimí ENISA mar thoradh ar leathnú fhreagrachtaí na gníomhaireachta agus ar chastacht mhéadaitheach na gcibearbhagairtí agus na gcibeardhúshlán, rud ar cheart **acmhainní leordhóthanacha** a bheith mar thoradh air – acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla – chun cur ar chumas na gníomhaireachta na cúraimí go léir faoina hinniúlacht a chur i gcrích go hiomlán, gan teacht roimh chaibidlíocht an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí agus tosaíocht a shannadh ar chúraimí a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a gcibear-athléimneacht, a gcomhar oibríochtúil agus forbairt agus cur chun feidhme dhlí an Aontais a fheabhsú agus dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais á ullmhú acu.

## TACAÍOCHT ENISA D'FHORBAIRT AGUS CUR CHUN FEIDHME BEARTAIS

6. MEABHRAÍTEAR DI go gcuirtear roinnt príomhfhreagrachtaí tacaíochta agus comhairleacha ar ENISA ar fud an Aontais faoin gcreat dlíthiúil cibearshlándála atá ann faoi láthair. IS DÍOL SÁSAIMH DI ról ENISA ina leith sin maidir le **cúnamh a chur ar fáil do na Ballstáit** i ndáil le tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha a chur chun feidhme go héifeachtach. IARANN SÍ AR ENISA, i ndlúthchomhar le NIS CG agus leis an gCoimisiún, leanúint de léargas agus anailís ghinearálta a thabhairt ar an timpeallacht dhlíthiúil atá ann faoi láthair a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil. MOLANN SÍ do ENISA treoir theicniúil agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus a chur chun cinn go gníomhach ar bhealach rialta struchtúrach lena gcuideofar leis na Ballstáit beartas cibearshlándála agus reachtaíocht chibearshlándála a chur chun feidhme.

AITHNÍONN SÍ ról ríthábhachtach ENISA maidir le **scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil** a fhorbairt, ar scéimeanna iad atá mar bhonn agus mar thaca ag muinín i dtáirgí, seirbhísí agus próisis TFC agus, ina theannta sin, sna seirbhísí slándála bainistithe i bhfianaise an leasaithe spriocdhírithe atá le déanamh ar an nGníomh um Chibearshlándáil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cúis imní do na Ballstáit agus don tionscal an próiseas fada a bhaineann le scéimeanna um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil a roghnú, a fhorbairt agus a ghlacadh; dá bhrí sin, TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún leas a bhaint as an meastóireacht ar an nGníomh um Chibearshlándáil chun bealaí a aimsiú chun cur chuige níos barainní, níos rioscabhunaithe agus níos trédhearcaí agus níos tapúla a bheith ann maidir le scéimeanna an Aontais um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt agus, ag an am céanna, LEAGANN SÍ BÉIM ar ról tábhachtach na mBallstát sa phróiseas. Ina theannta sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé freagracht a shannadh go sainráite as gach scéim deimhniúcháin a chothabháil. Thairis sin, MEABHRAÍTEAR DI gur cheart do ENISA dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile go tráthúil trí bhíthin próiseas foirmiúil, oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach agus scéimeanna iarrthacha á n-ullmhú agus gur cheart don Choimisiún dul i gcomhairle ar bhealach oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach agus measúnú á dhéanamh aige ar éifeachtúlacht agus ar úsáid na scéimeanna atá glactha. MOLANN SÍ do ENISA an comhar leis an bpobal cosanta sonraí a neartú a thuilleadh, go háirithe leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, i gcás inarb ábhartha, agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar shineirgí a chothú i gcomhthéacs scéimeanna Eorpacha um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil a fhorbairt amach anseo.

8. Chun an t-ualach riaracháin neamhriachtanach a d'fhéadfadh eascairt as creat casta tuairiscithe a chosc, IARANN SÍ ar ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún, leanúint den mhalartú leis na Ballstáit maidir le gnéithe praiticiúlachta, simpliú agus cuíchóiriú an nós imeachta tuairiscithe. Ina theannta sin, MEABHRAÍTEAR DI gur iarr sí ar an gCoimisiún mapáil a ullmhú, le tacaíocht ó ENISA agus ó eintitis ábhartha eile de chuid an Aontais, ar na hoibleagáidí tuairiscithe ábhartha a leagtar amach i ngníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais maidir le cibearábhair agus ábhair dhigiteacha. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil malartú faisnéise idir ENISA agus na Ballstáit bunaithe ar chaidreamh muiníne, ina ráthaítear slándáil agus rúndacht i gcomhréir leis an nGníomh um Chibearshlándáil agus le rialacha agus prótacail ábhartha agus gur cheart é a theorannú do chaidreamh atá ábhartha agus comhréireach le cuspóir an mhalartaithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an cúram cuí a thabhairt do shonraí agus d'fhaisnéis.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ENISA freagrach as **an ardán tuairiscithe aonair a bhunú agus a chothabháil faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht** a mbeidh breisluach oibríochtúil nithiúil aige, go háirithe maidir le leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus teagmhais thromchúiseacha a dhéanann difear do shlándáil táirgí lena mbaineann gnéithe digiteacha. I bhfianaise raon feidhme leathan na reachtaíochta cothrománaí sin, ba cheart an t-ardán tuairiscithe aonair a bheith ina uirlis éifeachtach shlán chun comhroinnt faisnéise idir CSIRTanna náisiúnta agus ENISA a éascú. Dá bhrí sin, TATHANTAÍONN sí ar ENISA, chomh maith le hacmhainní daonna leordhóthanacha a leithdháileadh, dlús a chur le bunú an ardáin mar phríomhthosaíocht chun a áirithiú go mbeidh sé ullamh faoin spriocdháta a leagtar síos sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.

10. AITHNÍONN SÍ ról ENISA maidir le **bunachar sonraí leochaileachta Eorpach** a bhunú, arb é is aidhm dó trédhearcacht fheabhsaithe a sholáthar maidir le leochaileachtaí a nochtadh, agus láimhseáil iomchuí sonraí íogaire á háirithiú ag an am céanna. I bhfianaise dheireadh thréimhse thrasuí Threoir NIS 2, TATHANTAÍONN SÍ ar ENISA dlús a chur leis an obair uile is gá chun feidhmiúlacht rianúil an bhunachair sonraí sin a áirithiú. Ag an am céanna, IARANN SÍ ar NIS CG, le cúnamh ó ENISA, treoir, beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh leochaileachta a phoibliú a thuilleadh.

11. AITHNÍONN SÍ na tairbhí a bhaineann leis an n**Gníomhaíocht Tacaíochta Cibearshlándála** a dhéanann ENISA, a fheidhmíonn mar chomhthiomsú seirbhísí cibearshlándála atá ar fáil do na Ballstáit chun a n-iarrachtaí a chomhlánú, chomh maith le taithí ENISA a fuarthas óna cur chun feidhme. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SI I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart ról lárnach a bheith ag ENISA i riar agus in oibriú Chúltaca Cibearshlándála an Aontais. IARANN SÍ ar ENISA tús a chur láithreach le mapáil na seirbhísí a bhfuil gá leo agus lena n-infhaighteacht ar theacht i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, chun Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a dhéanamh chomh húsáideach agus chomh saincheaptha agus is féidir do riachtanais na n-úsáideoirí sna Ballstáit uile. IARANN SÍ ar ENISA, a luaithe a chuirfear an cúram sin air, ról a thabhairt do na Ballstáit, go háirithe trí ionchur a bhailiú maidir leis na critéir riachtanacha agus trí eolas a thabhairt faoi thairiscintí atá ar na bacáin, go luath sa phróiseas chun Cúltaca Cibearshlándála an Aontais a bhunú. IARANN SÍ ar ENISA, a luaithe a chuirfear an cúram sin air, a áirithiú go mbeidh próiseas roghnúcháin na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe iontaofa trédhearcach, oscailte, cothrom agus go mbeidh soláthraithe ó na Ballstáit uile rannpháirteach ann, gan beann ar a méid. Ina theannta sin, MEABHRAÍTEAR DI go gceanglaítear ar ENISA na treoirlínte idir-inoibritheachta do na Cibearmhoil Trasteorann a eisiúint gan moill mhíchuí.

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach **faireachán a dhéanamh ar threochtaí maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** i réimse atá ag athrú go tapa, mar shampla, an cibearspás, chun ár gcibearsheasamh a chothabháil agus a neartú a thuilleadh. AITHNÍONN SÍ an obair atá déanta ag ENISA chun aird an phobail a tharraingt ar na rioscaí agus na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí, mar shampla an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, agus ar an gcaoi sin, tuiscint níos fearr ar na dúshláin atá ann faoi láthair a éascú. MOLANN SÍ do ENISA cur leis na cúraimí sin, tacú go gníomhach lena mholtaí a chur chun feidhme, agus comhairle a chur ar ECCC agus comhoibriú leis, i gcás inarb ábhartha.

**<u>TACAÍOCHT ENISA DO NA BALLSTÁIT CHUN COSAINT SONRAÍ AGUS COMHAR OIBRÍOCHTÚIL A CHUR CHUN CINN</u>**

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcomhlíonann ENISA ról tábhachtach **mar rúnaíocht don dá líonra cibearchomhair arna stiúradh ag na Ballstáit ar leibhéal an Aontais, do Líonra CSIRTanna agus do EU-CyCLONe.** LEAGANN SÍ BÉIM ar rannpháirtíocht luachmhar ENISA in NIS CG, go háirithe trína rannpháirtíocht ghníomhach agus trína rannchuidiú teicniúil sna sruthanna éagsúla oibre. MOLANN SÍ do ENISA leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú na líonraí sin agus don chomhar a dhéanfaidh siad amach anseo, ós rud é go gcuireann siad bealaí bunúsacha ar fáil do na Ballstáit chun comhoibriú ar leibhéil éagsúla.

14. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá feabhas a chur ar an bh**feasacht choiteann staide** ar leibhéal an Aontais, a chuireann le seasamh cibearshlándála an Aontais, i ndáil le teagmhais chibearshlándála a bhrath, a chosc agus freagairt a thabhairt orthu. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta, tuarascálacha rialta agus measúnuithe ENISA ar bhagairtí, óir rannchuidíonn siad uile le feabhas a chur ar an bhfeasacht staide. MOLANN SÍ do ENISA dul ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit ó thaobh rannchuidiú leis an bhfeasacht staide a fhorbairt ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag ENISA, in éineacht le CERT-EU agus Europol, ó thaobh tacú leis an gComhairle maidir le faisnéisiú staide i gcomhthéacs Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta lena gcomhlánaítear an fheasacht staide a chuirtear ar fáil leis an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC) agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le léargas cuimsitheach a fháil ar an mbagairt a eascraíonn ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach. I ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an gcomhar a dhéanann ENISA le SEGS, agus go háirithe le INTCEN, agus lánurraim á tabhairt do na sainorduithe faoi seach.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil feidhm inmheánach ag Lárionad an Choimisiúin um Chibearstaid agus um Chibearanailís laistigh den Choimisiún agus go dtacaíonn an comhar a dhéanann sé le ENISA agus CERT-EU leis. Chun an acmhainneacht is mó is féidir a chruthú do shineirgí agus chun an chastacht i gcibear-éiceachóras an Aontais a laghdú, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí na meastóireachta ar an nGníomh um Chibearshlándáil chomh maith leis an bplé ar an meastóireacht ar an gCibear-Threoirphlean a chur san áireamh chun cúraimí Lárionad an Choimisiúin um Chibearstaid agus um Chibearanailís agus cúraimí gaolmhara ENISA a chuíchóiriú. MOLANN SÍ don Choimisiún aon dúbailt nach gá ar chúraimí a sheachaint, agus ról lárnach ENISA á chosaint ag an am céanna maidir le rannchuidiú le feasacht choiteann staide a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun tacú leis na Ballstáit, agus urraim chuí á tabhairt dá n-inniúlachtaí náisiúnta.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur réamhriachtanas é feasacht choiteann staide a fhorbairt chun bainistiú géarchéime atá tráthúil, éifeachtach a dhéanamh ar an Aontas ina iomláine. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil baint, ar leibhéal an Aontais, ag príomhghníomhaithe éagsúla, le **freagairt ar theagmhais chibearshlándála mhórscála**, agus, i gcás teagmhas den chineál sin, go bhfuil Líonra CSIRTanna agus EU-CyCLONe mar bhonn taca den chuid is mó don chomhar éifeachtach i measc na mBallstát. Tá ról tábhachtach ag ENISA i mbainistiú cibir-ghéarchéimeanna ina cháil mar rúnaíocht do Líonra CSIRTanna agus do EU-CyCLONe. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an mheastóireacht ar an gCibear-Threoirphlean a úsáid chun léiriú cuí a thabhairt ar na cúraimí agus na freagrachtaí breise chun rannchuidiú le freagairt chomhoibritheach a fhorbairt ar chibirtheagmhais nó ar chibir-ghéarchéimeanna mórscála trasteorann, chomh maith leis an ról a shanntar do ENISA mar rúnaíocht Líonra CSIRT agus EU-CyCLONe agus leis an reachtaíocht chibearshlándála a rinneadh le déanaí.

17. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cleachtaí rialta cibearshlándála a eagrú, cleachtaí a chuireann go mór le hullmhacht an Aontais agus é ag freagairt ar theagmhais agus ar ghéarchéimeanna. AITHNÍONN SÍ go bhfuil taithí luachmhar fhairsing faighte ag ENISA sa réimse seo ó thaobh tacú leis na Ballstáit. AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag ENISA i gcéimeanna pleanála, ullmhúcháin, forghníomhaithe agus meastóireachta na gcleachtaí cibearshlándála, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart di leanúint de bheith ar cheann de na gníomhaithe lárnacha ar leibhéal an Aontais, agus é á chur san áireamh gur cheart na cleachtaí sin a dhéanamh bunaithe ar chreataí struchtúrtha agus ar théarmeolaíochtaí coiteanna. IARRANN SÍ ar ENISA, ar Líonra CSIRTanna agus ar AE-CyCLONe an úsáid is éifeachtúla a bhaint as cleachtaí rialta atá ann cheana chun creat freagartha an Aontais ar ghéarchéimeanna a thástáil agus a fheabhsú, agus a áirithiú go mbainfear an leas is mó is féidir as na ceachtanna a foghlaimíodh.

## <u>COMHAR ENISA LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE SAN ÉICEACHÓRAS CIBEARSHLÁNDÁLA</u>

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, mar gheall ar chineál cothrománach na cibearshlándála, gur ríthábhachtach é **an comhar i measc na ngníomhaithe uile ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais**, agus, dá bhrí sin, CUIREANN SÍ IN IÚL go láidir go bhfuil gá freisin le hobair chomhpháirteach idir ENISA agus na heintitis ábhartha eile sa chibear-réimse chun cibear-athléimneacht fhoriomlán ar an leibhéal Eorpach a mhéadú.

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir go bhfuil cumas institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais leanúint de bheith cibearshlán tábhachtach don chibear-athléimneacht fhoriomlán ar leibhéal an Aontais, ina bhfuil ról CERT-EU thar a bheith luachmhar. I ndáil leis an méid sin, DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an comhar struchtúrtha seanbhunaithe idir CERT-EU agus ENISA agus MOLANN SÍ dóibh leanúint dá ndlúthchomhar amach anseo.

20. Nuair a bhainfear amach an neamhspleáchas airgeadais, rannchuideoidh ECCC go mór le cibearthaighde láidir Eorpach agus éiceachóras tionsclaíoch agus teicneolaíoch a fhorbairt, lena gcuimseofar scileanna d'fhorbairt an lucht saothair i gcomhréir lena shainordú. Molann sí do ENISA agus do ECCC leanúint den dlúthchomhar lena chéile, go háirithe maidir le riachtanais agus tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta, chomh maith le cibearscileanna, chun iomaíochas thionscal cibearshlándála an Aontais a mhéadú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir sineirgí i bhfeidhmiú ENISA agus ECCC a bharrfheabhsú a thuilleadh agus conas gníomhaíochtaí a chuíchóiriú ar bhealach níos fearr de réir a sainorduithe.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcuidítear, trí nuashonruithe rialta a chur ar fáil maidir le timpeallacht na bagartha, leis na bearta agus na huirlisí is gá a shainaithint ar bhealach níos fearr chun an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach. LEAGANN SÍ BÉIM AR bhreisluach na dtuarascálacha um Chibearmheasúnú Comhpháirteach AE (J-CAR), ar toradh ar an gcomhoibriú idir ENISA, EC3 Europol agus CERT-EU iad, agus a chuir ionchur luachmhar ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla lena n-áirítear comhrac na cibearchoireachta. IARRANN SÍ ar ENISA agus ar Europol leanúint de bheith ag comhoibriú ar bhealach struchtúrtha amach anseo.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cuid thábhachtach í an chibearchosaint a bhíonn ag síorfhorbairt chun dul i ngleic le bagairtí a eascraíonn as an gcibearspás. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do ENISA dul i dteagmháil le SEGS agus leis an gCoimisiún, sna cásanna sin ina bhfuil ról ag ENISA maidir le tacú le cur chun feidhme Bheartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint, i ndlúthchomhar le GEC, le ECCC agus leis an bpobal cibearchosanta. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról atá ag ENISA mar ghníomhaireacht shibhialtach. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an comhar sibhialta-míleata i réimse na cibearshlándála a dhoimhniú agus a chuíchóiriú laistigh den Aontas, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a roinnt go soiléir idir an dá chomhphobal agus idir an tAontas agus ECAT agus prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta, na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta á n-urramú go hiomlán, chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht. MOLANN SÍ do ENISA leanúint de shocruithe oibre a shaothrú le Gníomhaireacht Cumarsáide agus Faisnéise ECAT.

23. MOLANN SÍ don Aontas leanúint dár luachanna coiteanna agus dár n-iarrachtaí comhpháirteacha a chur chun cinn sna fóraim dhomhanda chun cibearspás saor, domhanda, oscailte agus slán a chosaint. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go n-éilíonn cineál trasteorann cibearbhagairtí agus cibeartheagmhas comhar láidir, éifeachtach, ní hamháin ar leibhéal an Aontais, ach **le heagraíochtaí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta freisin.** TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart rannpháirtíocht idirnáisiúnta ENISA a dhíriú ar chomhpháirtithe straitéiseacha agus ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, i gcomhréir le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do ENISA, ina rannpháirtíocht idirnáisiúnta, gníomhú i gcomhréir lena shainordú agus le forálacha an Ghnímh um Chibearshlándáil. AITHNÍONN SÍ gur gá rannpháirtíocht idirnáisiúnta ENISA a shoiléiriú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha**,** lena n-áiritheofar go gcuirfear a bhord bainistíochta ar an eolas go cuí agus go tráthúil faoi na gníomhaíochtaí gaolmhara. SPREAGANN SÍ rannpháirtíocht ENISA i gcreataí ábhartha idirnáisiúnta um chomhar cibearshlándála, lena n-áirítear eagraíochtaí ar nós ECAT agus ESCE.

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur minic a tharraing an tAontas agus a Bhallstáit aird ar **bhearnaí i gcibirscileanna**. MEABHRAÍTEAR DI gur thug an Coimisiún agus ENISA creat leathan uileghabhálach isteach chun treoraíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile, mar shampla an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála, an Teachtaireacht maidir leis an Acadamh Scileanna Cibearshlándála agus an Chomhdháil Eorpach um Chibearscileanna a eagraítear gach bliain agus molann sí don Choimisiún agus do ENISA cur leis na tionscnaimh sin agus aird ar leith á tabhairt ar an bplé leanúnach ar an gCuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach (EDIC). Chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ballstáit ar spéis leo EDIC a bhunú. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sainordú ag ENISA agus ag ECCC scileanna a chur chun cinn ar fud an Aontais. IARRANN SÍ ar ENISA tús áite a thabhairt do thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí scileanna agus oideachais a dhéanann na Ballstáit, feasacht an phobail i gcoitinne a neartú agus comhoibriú leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála i gcás inarb iomchuí.

25. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ENISA tar éis **comhar a fhorbairt leis an earnáil phríobháideach** le blianta beaga anuas. MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfadh an fhaisnéis a bhailítear leis an tionscal cabhrú le feasacht choiteann staide a fheabhsú, ós rud é go ndéanann an earnáil phríobháideach faireachán, ar bhonn leanúnach, ar thimpeallacht na gcibearbhagairtí. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar ENISA, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus ar fud eintitis an Aontais, an comhar leis an earnáil phríobháideach a neartú.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ENISA féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an gcomhar idir ENISA agus na heagraíochtaí Eorpacha um **chaighdeánú**. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do ENISA a shaineolas maidir le caighdeánú Eorpach cibearshlándála a mhéadú trí obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe agus trí pháirt a ghlacadh iontu, i measc nithe eile.

27. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ENISA scrúdú a dhéanamh ar conas feidhmiú chreat cibearshlándála an Aontais a bharrfheabhsú a thuilleadh, agus na moltaí agus na tograí a dhéantar sna conclúidí seo á gcur san áireamh. An comhar leanúnach, tosaíocht a thabhairt do chúraimí agus d'acmhainní agus timpeallacht chasta na cibearshlándála a shimpliú: is príomhghnéithe iad chun déileáil leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.